

ELeathanach308


Dé Luain 3 Nollaig 2018

Other Voices

Bhí Other Voices ar siúl sa Daingean thar an deireadh seachtaine. Is ceolchoirm mhór í seo. Tagann go leor daoine chuig an Daingean don cheolchoirm. Ní raibh an aimsir rómhaith ach bhí an-am ag gach duine. Bhí a lán bannaí ceoil sa Daingean thar an deireadh seachtaine.

Bhí comhdháil ar siúl mar chuid den cheolchoirm freisin. Thosaigh sé Dé hAoine ag 9.45 ar maidin. Ireland's Edge an t-ainm a bhí ar an gcomhdháil. Cuireann an chomhdháil seo béim ar an gceol, an teicneolaíocht, an scéalaíocht, agus an ealaín.

Bhí Colm Mac an Iomaire ag canadh sa Díseart arís i mbliana. Bhí a lán páistí ag seinm ceoil Dé Domhnaigh ag 2 i.n. sa siopa 'Murphy's Ice Cream'. Ceoltóirí Duibhneach is ainm do ghrúpa amháin díobh. Bhí an siopa dubh le daoine. Bhí na páistí thar cionn.



George H. W. Bush

Fuair George H. W. Bush bás Dé hAoine ina theach in Texas. Bhí sé ina Uachtarán ar Mheiriceá ó 1989 - 1993. Bhí sé 94 bliain d'aois nuair a fuair sé bás. Beidh an tsochraid ar siúl Dé Céadaoin. Fuair a bhean chéile bás sa bhliain 2018 freisin.

Bhí George H.W. Bush i gceannas ar an C.I.A (Central Intelligence Agency) freisin. Phós sé a bhean chéile Barbara sa bhliain 1945. D'fhreastail sé ar Ollscoil Yale. Bhí a mhac ina Uachtarán ar Mheiriceá freisin ó 2001 - 2009. George W Bush is ainm dá mhac.



Ariana Grande

Bhí Ariana Grande in Disneyland lena máthair Joan Dé Domhnaigh. Tá sí 25 bliain d'aois. Bhí am iontach acu. D'éirigh go han-mhaith lena hamhrán nua *Thank You, Next*. D'fhéach níos mó ná 50 milliún duine ar an bhfíseán. Bhí sí an-sásta.

Tá uimhir a haon bainte amach ag an amhrán nua i Meiriceá. Tá tagairtí do scannáin éagsúla san amhrán seo; *Legally Blonde*, *Mean Girls* agus *Bring It On*, mar shampla.

Chaith sí geansaí mór in Disneyland ach d'aithin daoine í áfach. Chuaigh sí ar Thunder Mountain, Matterhorn Bobsleds agus Space Mountain.

D'ainmnigh Billboard Ariana Grande mar bhean na bliana in 2018. D'eagraigh sí ceolchoirm 'One Love Manchester.' Bhailigh sí 17 milliún punt do dhaoine a bhí gortaithe sa bhuama in Manchester sa bhliain 2017.

